CINNEADH (CBES) 2021/1143 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Iúil 2021

maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna conclúidí uaithi an 22 Aibreán 2020, chuir an Chomhairle creat cuimsitheach ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát le Mósaimbíc agus le haghaidh comhordú le geallsealbhóirí eile. Go háirithe, chuir an Chomhairle i dtábhacht go gcaithfear aird a thabhairt ar bhonn práinne ar an staid slándála agus dhaonnúil atá in Cabo Delgado agus, ag an am céanna, a áirithiú go ndéanfar cearta an duine a urramú ina n-iomláine.

(2) An 30 Márta 2021, d'fhormhuinigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála Creat Polaitiúil maidir le Cur Chuige Géarchéime in Cabo Delgado agus mheas sé go mbeadh gníomhaíocht Comhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) iomchuí, dírithe ar oiliúint a chur ar fhórsaí armtha Mhósaimbíc agus ar chúnamh a thabhairt dóibh, i gcomhthéacs Chur Chuige Comhtháite an Aontais don ghéarchéim in Cabo Delgado.

(3) Le litir dar dáta an 3 Meitheamh 2021, chuir Uachtarán Mhósaimbíc fáilte roimh imscaradh misin neamhfheidhmiúcháin CBSC de chuid an Aontais i Mósaimbíc, chun cuidiú le cumas fhórsaí cosanta agus slándála Mhósaimbíc freagairt ar bhealach níos éifeachtúla ar rioscaí slándála agus daonnúla in Cabo Delgado a chothú.

(4) An 28 Meitheamh 2021, d'fhormheas an Chomhairle Coincheap an Bhainistithe Géarchéime maidir le misean CBSC le haghaidh oiliúint mhíleata féideartha i Mósaimbíc, i gcomhar le beart cúnaimh féideartha chun trealamh míleata a sholáthar seachas trealamh nó ardáin míleata a cheapadh chun fórsa marfach a thabhairt, chun tacú le fórsaí armtha Mhósaimbíc d'fhonn iad a imscaradh in Cabo Delgado. Sa choincheap sin cuireadh i dtreis gur cheart don mhisean CBSC atá á bheartú a bheith ar cheann de na huirlisí i gCur Chuige Comhtháite an Aontais don ghéarchéim in Cabo Delgado i gcomhar le tacaíocht do chothú na síochána, do chosc ar choinbhleachtaí agus do thacaíocht idirphlé, don chúnamh daonnúil agus don chomhar um fhorbairt, mar aon leis an gClár maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun cinn. Sa Choincheap sin cuireadh i bhfios go láidir freisin gurb é cuspóir straitéiseach polaitiúil an Aontais tacú le himscaradh fórsaí gairmiúla cosanta agus slándála Mhósaimbíc, ionas go mbeidh gníomhaireachtaí cuntasacha forfheidhmithe dlí ann chun an pobal sibhialtach a chosaint, agus chun ligean do struchtúir chuntasacha Stáit filleadh ar Cabo Delgado agus a gcuid seirbhísí a sheachadadh ann. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí i ndáil le Plean Gníomhaíochta III AE maidir le hInscne.

(5) Ba cheart don Choiste Polaitiúil agus Slándála, faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, rialú polaitiúil a fheidhmiú ar mhisean CBSC le haghaidh oiliúint mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc), treoir straitéiseach a thabhairt dó agus na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

(6) Is gá comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a mhéid a bhaineann le stádas aonad agus pearsanra faoi stiúir an Aontais agus le rannpháirtíocht tríú Stáit in EUTM Mhósaimbíc.

(7) De bhun Airteagal 41(2) CAE agus i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]) lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, is iad na Ballstáit a íocfaidh as an gcaiteachas oibríochtúil a eascraíonn as an gCinneadh seo, a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta aige.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

(8) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu. Dá bhrí sin, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo, ní bheidh sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, agus ní bheidh sí rannpháirteach i maoiniú na hoibríochta seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An Misean

1. Stiúrfaidh an tAontas misean le haghaidh oiliúint mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc) chun tacú le fórsaí armtha Mhósaimbíc freagairt níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a thabhairt ar an ngéarchéim in Cabo Delgado i gcomhréir leis an dlí um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

2. Is é an cuspóir straitéiseach a bheidh ag EUTM Mhósaimbíc tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt acmhainneachta na n-aonad sin d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc a roghnófar chun Fórsa Mearfhreagartha (QRF) a chur le chéile amach anseo, chun na hacmhainneachtaí riachtanacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun sábháilteacht agus slándáil a athbhunú in Cabo Delgado.

3. Chuige sin, déanfaidh EUTM Mhósaimbíc an méid seo a leanas:

(a) cuirfidh sé oiliúint mhíleata ar fáil do na haonaid roghnaithe d'fhórsaí armtha Mhósaimbíc agus dá gceannaireacht, lena n-áirítear an t-ullmhúchán oibríochtúil, oiliúint speisialaithe lena n-áirítear frithsceimhlitheoireacht, agus oiliúint agus oideachas i ndáil le comhlíonadh an dlí um chearta an duine agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear i ndáil le cosaint na saoránach, agus urramú an smachta reachta;

(b) tacóidh sé le struchtúir ceannais agus rialú agus sásraí an fhórsa mearfhreagartha a fhorbairt, amhail timthriall oibríochtúil inbhuanaithe, agus oiliúint a chur ar cheannaireacht an fhórsa mearfhreagartha chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh de réir a gcuspóra oibríochtúil;

(c) mar chuid den churaclam oiliúna, i gcás ina gcuirfear ar fáil trealamh seachas trealamh nó ardáin míleata a cheapadh chun fórsa marfach a thabhairt, trí bheart cúnaimh de chuid an Aontais, cuirfidh sé oiliúint ar na haonaid roghnaithe chun trealamh den sórt sin a úsáid agus a chothabháil i gceart;

(d) bunóidh sé timthriall bainistíochta eolais, i ndlúthchomhar agus i ndlúthchomhairle le húdaráis Mhósaimbíc, chun iompar na n-aonad oilte a rianú nuair a imscarfar iad in Cabo Delgado agus déanfaidh sé measúnú ar a mhéid a chomhlíonann siad an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

4. Rannchuideoidh EUTM Mhósaimbíc le feasacht staide an Aontais ar an staid slándála i Mósaimbíc, go háirithe in Cabo Delgado. Cuirfidh sé saineolas agus comhairle ar fáil do Thoscaireacht an Aontais i Mapútó maidir le cúrsaí míleata.

5. Comhordóidh EUTM Mhósaimbíc le Toscaireacht an Aontais i Mapútó, leis na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí neamhrialtasacha atá i láthair i Mósaimbíc, go háirithe chun beartas inscne agus chearta an duine a chur chun feidhme chun tacú leis an misean agus chun comhchuibheas a áirithiú le tacaíocht ón Aontas i réimsí ábhartha eile.

Airteagal 2

Ceapachán Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh agus Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh

1. Is é Stiúrthóir an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta (MPCC) a bheidh ina Cheannasaí Mhisean EUTM Mhósaimbíc.

2. Leis seo, ceaptar Briogáidire-Ghinearál Nuno LEMOS PIRES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh do EUTM Mhósaimbíc.

Airteagal 3

Ceanncheathrú an Mhisin a ainmniú

1. Struchtúr statach ceannais agus rialaithe ar an leibhéal straitéiseach míleata lasmuigh de limistéar na n-oibríochtaí a bheidh sa MPCC, atá freagrach as pleanáil oibríochtúil agus iompar EUTM Mhósaimbíc.

2. Beidh Ceanncheathrú Fhórsa Mhisean EUTM Mhósaimbíc lonnaithe i Mósaimbíc agus oibreoidh sé faoi cheannas Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh.

3. Áireofar in MPCC aonad tacaíochta de Cheanncheathrú an Fhórsa Misin, atá lonnaithe sa Bhruiséil, go dtí go mbeidh acmhainneacht oibríochtúil iomlán bainte amach ag MPCC.

Airteagal 4

Pleanáil agus seoladh EUTM Mhósaimbíc

Glacfaidh an Chomhairle cinneadh EUTM Mhósaimbíc a sheoladh tar éis fhormheas an phlean misin agus na rialacha rannpháirtíochta do EUTM Mhósaimbíc.

Airteagal 5

Rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach

1. Faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, feidhmeoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Mhósaimbíc. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 CAE. Áireofar leis an údarú sin na cumhachtaí chun na doiciméid phleanála a leasú, lena n-áirítear an plean misin, agus an slabhra ceannais. Áireofar leis an údarú sin freisin na cumhachtaí chun cinntí a dhéanamh maidir le ceapadh Cheannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh amach anseo. Leanfaidh na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí, raon feidhme agus deireadh EUTM Mhósaimbíc, mar aon le coinníollacha ginearálta maidir lena chúraimí a chur chun feidhme de bheith dílsithe don Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála don Chomhairle go tráthrialta.

3. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuarascálacha go tráthrialta ó chathaoirleach Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC) maidir le seoladh EUTM Mhósaimbíc. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt do Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh chuig na cruinnithe dá chuid, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 6

Treoir mhíleata

1. Déanfaidh EUMC faireachán ar fheidhmiú cuí EUTM Mhósaimbíc arna dhéanamh faoi fhreagracht Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh.

2. Gheobhaidh EUMC tuarascálacha ó Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh go tráthrialta. Féadfaidh sé cuireadh a thabhairt do Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh nó do Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh chuig na cruinnithe dá chuid, de réir mar is iomchuí.

3. Feidhmeoidh cathaoirleach EUMC mar phríomhphointe teagmhála le Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 7

Comhchuibheas fhreagairt agus chomhordú an Aontais

1. Áiritheoidh an tArdionadaí cur chun feidhme an Chinnidh agus a chomhsheasmhacht le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ar an iomlán, lena n-áirítear cláir forbartha an Aontais agus a chúnamh daonnúil.

2. Gan dochar don slabhra ceannais, gheobhaidh Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais treoir pholaitiúil áitiúil ó Cheann Thoscaireacht an Aontais chuig Mósaimbíc.

3. Déanfaidh EUTM Mhósaimbíc a chuid gníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaíochtaí déthaobhacha na mBallstát i Mósaimbíc, agus le gníomhaithe idirnáisiúnta eile sa réigiún, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice, le gníomhaithe déthaobhacha lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, agus le príomhghníomhaithe réigiúnacha.

Airteagal 8

Rannpháirtíocht tríú Stáit

1. Gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais ná dá chreat institiúideach aonair, agus i gcomhréir le treoirlínte ábhartha na Comhairle Eorpaí, féadfar cuireadh a thabhairt do thríú Stáit a bheith rannpháirteach in EUTM Mhósaimbíc.

2. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála cuireadh a thabhairt do thríú Stáit rannchuidiú a thairiscint agus na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le glacadh leis an rannchuidiú atá beartaithe, ar mholadh ó Cheannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh i gcomhairle le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh, agus ó EUMC.

3. Cumhdófar socruithe mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit sna comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE. I gcás ina mbeidh comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas agus ag tríú Stát lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht an tríú Stát i misin bainistíochta géarchéime de chuid an Aontais, beidh feidhm ag forálacha an chomhaontaithe úd i gcomhthéacs EUTM Mhósaimbíc.

4. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag tríú Stáit a thugann rannchuidiú suntasach míleata do EUTM Mhósaimbíc i dtaobh bhainistiú laethúil EUTM Mhósaimbíc agus a bhíonn ag na Ballstáit a ghlacann páirt in EUTM Mhósaimbíc.

5. Leis seo, tugann an Chomhairle údarás don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Coiste na gCuiditheoirí a bhunú, i gcás rannchuidiú suntasach míleata ó thríú Stáit.

Airteagal 9

Stádas an phearsanra atá faoi stiúir an Aontais

Beidh stádas na n-aonad agus an phearsanra faoi stiúir an Aontais, lena n-áirítear na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá chun a misean a chomhlíonadh agus a fheidhmiú go rianúil, ina n-ábhar do chomhaontú arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE.

Airteagal 10

Socruithe airgeadais

1. Riarfar costais choiteanna EUTM Mhósaimbíc i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509.

2. Is é EUR 15 160 000 a bheith sa méid tagartha do chostais choiteanna EUTM Mhósaimbíc. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 30 % le haghaidh gealltanas agus 15 % le haghaidh íocaíochtaí.

Airteagal 11

Aonad tionscadail

1. Féadfaidh aonad tionscadail a bheith ag EUTM Mhósaimbíc chun tionscadail neamhfheidhmiúcháin a shainaithint agus a chur chun feidhme. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann le sainordú EUTM Mhósaimbíc, ba cheart go ndéanfadh EUTM Mhósaimbíc na tionscadail sin a chomhordú, a éascú agus go gcuirfeadh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

2. Faoi réir mhír 3, beidh sé d'údarás ag Ceannasaí Mhisean an Aontais dul i muinín ranníocaíochtaí airgeadais ó Bhallstáit nó ó thríú Stáit chun tionscadail neamhfheidhmiúcháin a chur chun feidhme, ar tionscadail iad a shainaithnítear mar thionscadail lena gcomhlánófar gníomhaíochtaí eile EUTM Mhósaimbíc ar bhealach comhsheasmhach. Sa chás sin, déanfaidh riarthóir oibríochtaí na Saoráide Eorpaí Síochána socrú a thabhairt chun críche leis na Stáit sin, ar fhormheas a fháil ón gCoiste a bunaíodh le Cinneadh (CBES) 2021/509, ina gcumhdófar go háirithe na nósanna imeachta sonracha chun déileáil le haon ghearáin ó thríú páirtithe i dtaobh aon damáiste a dhéanfaí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíochtaí de chuid Cheannasaí Mhisean an Aontais maidir le húsáid na ranníocaíochtaí airgeadais arna soláthar ag na Stáit sin

3. Ní bheidh, in imthosca ar bith, an tAontas ná an tArdionadaí faoi dhliteanas ag na Stáit is ranníocóirí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí nó ar neamhghníomhaíochtaí a dhéanfadh Ceannasaí Mhisean an Aontais maidir leis an úsáid a bhainfí as ranníocaíochtaí airgeadais ó na Stáit sin.

4. Tiocfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar chomhaontú maidir le ranníocaíocht airgeadais ó thríú Stáit a thabhairt don aonad tionscadail.

Airteagal 12

Scaoileadh faisnéise

1. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais, arna giniúint chun críocha EUTM Mhósaimbíc, a scaoileadh leis na tríú Stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais EUTM Mhósaimbíc, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([2]):

(a) suas go dtí an leibhéal dá bhforáiltear sna comhaontuithe um shlándáil faisnéise is infheidhme arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú Stát lena mbaineann; nó

(b) suas go dtí an leibhéal "CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL" i ngach cás eile.

2. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí freisin, i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla EUTM Mhósaimbíc, faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais suas go dtí leibhéal "RESTREINT UE/EU RESTRICTED", arna giniúint chun críocha EUTM Mhósaimbíc, a scaoileadh leis na Náisiúin Aontaithe, an tAontas Afracach, Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar na socruithe is gá idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla na Náisiún Aontaithe, an Aontais Afracaigh, Chomhphobail Forbraíochta Dheisceart na hAfraice agus Stát Aontaithe Mheiriceá a tharraingt suas chun na críche sin.

3. I gcás ina mbeidh gá oibríochtúil sonrach agus láithreach ann, beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais suas go dtí an leibhéal "RESTREINT UE/EU RESTRICTED", arna giniúint chun críocha EUTM Mhósaimbíc, a scaoileadh chuig an Stát óstach i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar socruithe idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla an Stáit óstaigh a tharraingt suas chun na críche sin.

4. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil le EUTM Mhósaimbíc agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([3]) a scaoileadh le tríú stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo.

5. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4, chomh maith leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig foireann na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, chuig Ceannasaí Mhisean an Aontais nó chuig Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais.

Airteagal 13

Teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Tiocfaidh deireadh le EUTM Mósaimbíc dhá bhliain tar éis dó Cumas Oibriúcháin Iomlán a bhaint amach.

([2]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2009/937 ón gComhairle an 1 Nollag 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle. (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

3. Déanfar an cinneadh sin a aisghairm ó dháta dúnta Cheanncheathrú Mhisin EUTM Mhósaimbíc i gcomhréir le pleananna a formheasadh le haghaidh fhoirceannadh EUTM Mhósaimbíc, agus gan dochar do na nósanna imeachta maidir le cuntais EUTM Mhósaimbíc a iniúchadh agus a chur i láthair, mar a leagtar síos i gCinneadh (CBES) 2021/509.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Iúil 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES